Ireland State Savings

NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

**Is iad seo na Táirgí Coigilteas Stáit:**

| Táirgí Coigilteas Stáit | |
|---|---|
| **RÁTA SEASTA, TÉARMA SEASTA** | |
| **Bannaí Coigiltis** 3 bliana | |
| **Cairteacha Coigiltis** 5 bliana | |
| **Banna Dlúthpháirtíochta Náisiúnta** 10 mbliana | |
| **Tráthchoigiltí** 6 bliana | (LE HAGHAIDH SOCHAR LINBH FREISIN) |
| **RÁTA ATHRAITHEACH** | |
| **Cuntas Taisce** | |
| **Duaisbhannaí** | |

Liostaítear Bróisiúir agus Foirmeacha Iarratais do Tháirgí Coigilteas Stáit thuas agus tá siad ar fáil in aon Oifig an Phoist nó ar líne ag StateSavings.ie agus tá táirgí Coigilteas Stáit faoi réir Théarmaí agus Coinníollacha agus an reachtaíocht ábhartha. Tá ár leabhrán Téarmaí agus Coinníollacha le fáil ar líne agus in Oifigí Poist.

**Chun tuilleadh eolais a fháil ar Choigilteas Stáit**

| | |
|---|---|
| Gréasán: | StateSavings.ie |
| Teileafón: | 0818 20 50 60 / 01 705 7200 |
| Ríomhphost: | Service@StateSavings.ie |
| Tabhair cuairt ar: | Oifig an Phoist ar bith |
| Cuir sa phost chuig: | Coigilteas Stáit, Ard-Oifig an Phoist, Saorphost, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |


E00170505 — BR06 0724

Bróisiúr 6 GBCN
**31 Iúil 2024**

Ireland State Savings

NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

# Bheith i do Chustaiméir Coigilteas Stáit



an post

Is gníomhairí de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta iad An Post agus an Chuideachta Duaisbhannaí

## 1. Cad is Coigilteas Stáit ann?

- Tá Coigilteas Stáit mar chuid d'Fhiachas Náisiúnta na hÉireann atá á bhainistiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN).
- Nuair a chuireann tú airgead isteach in Coigilteas Stáit tá airgead á chur agat díreach chuig Rialtas na hÉireann.
- Is dualgas díreach, gan choinníoll de chuid Rialtas na hÉireann atá in aisíocaíocht airgead Coigilteas Stáit ar fad.
- Tá an phríomhshuim íocaíochtaí, úis agus bónais san áireamh le haisíoc do chuid airgid, más dlite.
- Féach ar chúl le haghaidh raon Táirgí Coigilteas Stáit.

## 2. Ag clárú le haghaidh Coigilteas Stáit?

- Le bheith i do Chustaiméir Coigilteas Stáit, ní mór duit an Fhoirm Iarratais do Chustaiméirí Nua atá ar fáil in Oifig an Phoist a chomhlánú nó í a íoslódáil ag StateSavings.ie. Tabhair an fhoirm, mar aon leis na cáipéisí riachtanacha, chuig d'Oifig an Phoist áitiúil.
- Mura bhfuil tú in ann cuairt a thabhairt ar d'Oifig an Phoist áitiúil, féadfaidh tú an fhoirm chomhlánaithe agus na cáipéisí riachtanacha a sheoladh tríd an bpost chuig Coigilteas Stáit, Ard-Oifig an Phoist, Saorphost, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.
- Tábhachtach: Cinntigh le do thoil nach bhfuil aon airgead tirim nó seiceanna faoi iamh má sheolann tú an fhoirm chomhlánaithe ar ais tríd an bpost.

## 3. Cáipéisíocht Riachtanach

Tabhair Cóipeanna Bunaidh nó Deimhnithe díobh seo a leanas:

**Cruthúnas ar Ainm:** Pas Reatha nó Ceadúnas Tiomána AE reatha.

**Cruthúnas ar Sheoladh a eisíodh le sé mhí anuas:** Bille Fóntais, Ráiteas Bainc nó Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim.

**Cruthúnas ar UPSP:** Cárta Seirbhíse Poiblí, Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

---

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir d'iarratas a phróiseáil mura gcuireann tú na cáipéisí riachtanacha go léir ar fáil.

## 4. Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?

- A luaithe a cheadófar d'Iarratas do Chustaiméirí Nua, gheobhaidh tú litir PIN tríd an bpost, agus ansin féadfaidh tú logáil isteach ar Choigilteas Stáit Ar Líne.
- Gheobhaidh tú ríomhphost freisin ó Choigilteas Stáit ag dearbhú gur Custaiméir Coigilteas Stáit tú. Beidh d'Uimhir Chustaiméara Coigilteas Stáit (SSCN) sa ríomhphost freisin. Uimhir chustaiméara uathúil is ea an SCCN a shainaithníonn tú agus a chuireann ar do chumas idirbheartaíocht a dhéanamh linn go héasca. Féach Statesavings.ie/SSCN i gcomhair tuilleadh sonraí.
- Nuair a bheidh do SSCN faighte agat, féadfaidh tú do chéad cheannachán Coigilteas Stáit a dhéanamh.

## 5. Táirge a Cheannach

- **Ar Líne:** An bealach is tapúla agus is fusa chun Táirgí Téarma Seasta agus Duaisbhannaí a cheannach ná trí logáil isteach ar Choigilteas Stáit Ar Líne. *Tabhair faoi deara le do thoil: Ní féidir Tráthchoigiltí nó táirgí Cúraim Leanaí a cheannach ar líne.*
- **Oifig an Phoist:** Ceannaigh gan foirm ag aon Oifig an Phoist trí do SSCN a lua.
- **Guthán:** Cuir glaoch ar ár bhfoireann tiomnaithe Coigilteas Stáit ar 0818 20 50 60 / 01 705 7200 chun ceannach a dhéanamh ar an nguthán, nó iarr go gcuirfí Foirm Ceannaigh chugat sa phost le comhlánú agus le seoladh ar ais chugainn.
- **Is féidir Dochar Díreach Míosúil a úsáid freisin chun Duaisbhannaí a cheannach.**

## 6. Coigilteas Stáit Ar Líne

Is é an bealach is fusa chun clárú le haghaidh Coigilteas Stáit Ar Líne ná seoladh ríomhphoist bailí agus uimhir fón póca a sholáthar ar an bhFoirm Iarratais do Chustaiméirí Nua. Seolfaimid litir PIN chugat tríd an bpost ionas gur féidir leat logáil isteach ar Choigilteas Stáit Ar Líne. Nuair a bheidh tú logáilte isteach, is féidir leat:

- Táirgí Téarma Seasta Coigilteas Stáit agus Duaisbhannaí a cheannach
- Amharc ar do shealúchais agus idirbhearta agus déan iad a bhainistiú
- Amharc ar do chuid duaiseanna le Duaisbhannaí
- Tús a chur le haisíocaíochtaí chuig do chuntas bainc (sealúchais aonair).

## 7. Mionaoiseach (faoi bhun 18 mbliana d'aois)

- I gcás mionaoiseach (faoi bhun 18 mbliana d'aois) a dhéanann iarratas le bheith ina Chustaiméir Coigilteas Stáit, ní mór don tuismitheoir/caomhnóir an Fhoirm Iarratais do Chustaiméirí Nua a shíniú agus na sonraí seo a leanas a chur ar fáil:
  - **Cruthúnas ar Ainm:** Pas Reatha nó Ceadúnas Tiomána AE reatha.
  - **Cruthúnas ar Sheoladh a eisíodh le sé mhí anuas:** Bille Fóntais, Ráiteas Bainc nó Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim.
  - **Cruthúnas ar Thuismíocht/Caomhnóireacht:** Teastas Breithe, Ordú Cúirte, Teastas Uchtála/Ordú Uchtála nó Socrú Caomhnóireachta ar thug an Chúirt Dúiche éifeacht dlí dó.
- Cuirfear an SSCN in iúl do mhionaoisigh tríd an bpost.
- Is féidir le mionaoisigh táirgí Coigilteas Stáit a cheannach ag Oifig an Phoist.
- Ní cheadaítear do mhionaoisigh clárú le haghaidh Coigilteas Stáit Ar Líne agus ní féidir le Mionaoisigh táirgí Coigilteas Stáit a cheannach ar Líne.